IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 187 de 2012**

---

NA RIALACHÁIN UM THACAÍOCHT DO MHIC LÉINN, 2012

I.R. Uimh. 187 de 2012

# NA RIALACHÁIN UM THACAÍOCHT DO MHIC LÉINN, 2012

Déanaimse, RUAIRI QUINN, an tAire Oideachais agus Scileanna, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hailt 4, 7, 8 agus 14 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 (Uimh. 4 de 2011), agus tar éis dom dul i gcomhairle leis an Údarás um Ard-Oideachas, agus le toiliú an Aire Airgeadais, leis seo na Rialacháin seo a leanas:—

*Lua agus tosach feidhme*

1. (1) Féadfar na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2012 a ghairm de na Rialacháin seo.

(2) Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an 5 Meitheamh 2012.

*Léiriú*

(2).(1) Sna Rialacháin seo—

ciallaíonn “Acht” an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 (Uimh. 4 de 2011);

ciallaíonn "creat cáilíochtaí" an creat cáilíochtaí arna bhunú agus arna chothabháil de bhun alt 7 d’Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999 (Uimh. 26 de 1999);

is éard is “cúrsa iarchéime” ann ná cúrsa as a mbainfear mórdhámhachtain ardoideachais agus oiliúna amach ag Leibhéal 8 (Ard-Dioplóma), Leibhéal 9 (Dioplóma Iarchéime, Céim Mháistreachta), Leibhéal 10 (Céim Dhochtúireachta) sa chreat cáilíochtaí, nó dámhachtainí coibhéiseacha;

ciallaíonn “scéim roimhe seo” an Scéim Dheontas Ardoideachais (HEG) a rinneadh de bhun an Achta um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais) 1968 go 1992 nó na scéimeanna arna riar ag Coiste Gairmoideachais, is é sin le rá, Scéim Scoláireachta na gCoistí Gairmoideachais, an Scéim Dheontas Cothaithe Tríú Leibhéal do Dhaoine faoi Oiliúint (TLT) agus an Scéim Dheontas Cothaithe do Mhic Léinn atá ag freastal ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC);

ciallaíonn “cúrsa fochéime” cúrsa as a mbainfear mórdhámhachtain ardoideachais agus oiliúna amach ag Leibhéal 6 (Ardteastas), Leibhéal 7 (Gnáthchéim Bhaitsiléara), Leibhéal 8 (Céim Onóracha Bhaitsiléara) sa chreat cáilíochtaí, nó dámhachtainí coibhéiseacha, seachas cúrsa ar a dtugtar cúrsa iar-ardteistiméireachta de thuras na huaire.

(2) Mura léirítear a mhalairt sa chomhthéacs, aon fhocal nó abairt a úsáidtear sna Rialacháin seo agus a úsáidtear freisin san Acht, tá an bhrí chéanna leis sna Rialacháin seo agus atá leis san Acht.

*Foilsíodh fógra in "Iris Oifigiúil" an 8 Bealtaine, 2012, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

(3) (*a*) Aon tagairt sna Rialacháin seo do Rialachán is tagairt í do Rialachán de chuid na Rialachán seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt do Rialacháin éigin eile atá beartaithe.

(*b*) Aon tagairt sna Rialacháin seo do mhír nó d'fhomhír is tagairt í do mhír nó d'fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(*c*) Aon tagairt sna Rialacháin seo do Sceideal is tagairt í do Sceideal de chuid na Rialachán seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt do Rialacháin éigin eile atá beartaithe.

*Forais cheadaithe*

3. (1) Is "forais cheadaithe" iad na forais atá liostaithe i Sceideal 1 faoi alt 7(1) (*a*) go (*d*) den Acht.

(2) Tá na forais atá liostaithe i Sceideal 2 forordaithe mar "fhorais cheadaithe" chun críocha alt 7(1) (*f*) agus (2) den Acht.

*Cúrsaí ceadaithe*

4. Tá na cúrsaí seo a leanas forordaithe mar "chúrsaí ceadaithe" chun críocha alt 8(1) (*c*) den Acht—

(*a*) cúrsaí lánaimseartha, ar a dtugtar "cúrsaí iar-ardteistiméireachta"—

(i) a ghlacann tréimhse nach giorra ná bliain amháin lena gcur i gcrích;

(ii) a sholáthraíonn foras ceadaithe a thagann faoi théarmaí alt 7(1) (*d*) den Acht agus atá liostaithe i gCuid D de Sceideal 1;

(iii) atá ceadaithe le haghaidh maoinithe ag an Aire mar chúrsaí iar-ardteistiméireachta; agus

(iv) lena ndámhtar mórdhámhachtain ardoideachais agus oiliúna do mhac léinn, má éiríonn leis nó léi é a chur i gcrích go rathúil, agus ar cáilíocht aitheanta í nach bhfuil ag leibhéal níos ísle ná Leibhéal 5 sa chreat cáilíochtaí;

(*b*) na cúrsaí fochéime lánaimseartha seo a leanas, lena ndámhtar mórdhámhachtain ardoideachais agus oiliúna do mhac léinn, má éiríonn leis nó léi é a chur i gcrích go rathúil, agus ar cáilíocht aitheanta í de bhun an chreata cáilíochtaí—

(i) cúrsa a ghlacann tréimhse nach giorra ná dhá bhliain lena chur i gcrích agus a sholáthraíonn foras ceadaithe a thagann faoi théarmaí alt 7(1) (*a*), (*b*) nó (*c*) den Acht agus atá liostaithe i gCuid A, B nó C de Sceideal 1;

(ii) cúrsa ag Leibhéal 6 sa chreat cáilíochtaí a ghlacann bliain amháin lena chur i gcrích agus a sholáthraíonn foras ceadaithe a thagann faoi théarmaí alt 7(1) (*b*) nó (*c*) den Acht agus atá liostaithe i gCuid B nó C de Sceideal 1;

(iii) cúrsa a ghlacann tréimhse nach giorra ná dhá bhliain lena chur i gcrích agus a sholáthraíonn foras ceadaithe atá liostaithe i gCuid A de Sceideal
2;

(iv) cúrsa a ghlacann tréimhse nach giorra ná dhá bhliain lena chur i gcrích agus atá liostaithe i gCuid B de Sceideal 2, mar aon leis an bhforas ceadaithe a sholáthraíonn é;

(v) cúrsa, ar a dtugtar "cúrsa breise" de thuras na huaire, a sholáthraíonn foras ceadaithe a thagann faoi théarmaí alt 7(1)(*a*), (*b*) nó (*c*) den Acht agus atá liostaithe i gCuid A, B nó C de Sceideal 1 agus a ghlacann—

(I) bliain amháin lena chur i gcrích agus a chuireann ar chumas daoine dul ar aghaidh go dtí cúrsa fochéime as a mbaintear cáilíocht amach ag Leibhéal 7 sa chreat cáilíochtaí, nó

(II) bliain amháin ar a laghad lena chur i gcrích agus a chuireann ar chumas duine dul ar aghaidh go dtí cúrsa fochéime as a mbaintear cáilíocht amach ag Leibhéal 8 sa chreat cáilíochtaí;

(vi) cúrsa, ar a dtugtar "cúrsa breise" de thuras na huaire, a sholáthraíonn foras ceadaithe atá liostaithe i gCuid A de Sceideal 2 agus a ghlacann—

(I) bliain amháin lena chur i gcrích agus a chuireann ar chumas daoine dul ar aghaidh go dtí cúrsa fochéime as a mbaintear cáilíocht amach ag Leibhéal 7 sa chreat cáilíochtaí, nó

(II) bliain amháin ar a laghad lena chur i gcrích agus a chuireann ar chumas duine dul ar aghaidh go dtí cúrsa fochéime as a mbaintear cáilíocht amach ag Leibhéal 8 sa chreat cáilíochtaí;

(vi) cúrsa, ar a dtugtar "cúrsa breise" de thuras na huaire, atá liostaithe i gCuid B de Sceideal 2, mar aon leis an bhforas ceadaithe a sholáthraíonn é, agus a ghlacann—

(I) bliain amháin lena chur i gcrích agus a chuireann ar chumas daoine dul ar aghaidh go dtí cúrsa fochéime as a mbaintear cáilíocht amach ag Leibhéal 7 sa chreat cáilíochtaí, nó

(II) bliain amháin ar a laghad lena chur i gcrích agus a chuireann ar chumas duine dul ar aghaidh go dtí cúrsa fochéime as a mbaintear cáilíocht amach ag Leibhéal 8 sa chreat cáilíochtaí;

(viii) cúrsa, ar a dtugtar "an clár luathaithe teicneoirí" de thuras na huaire, a ghlacann ocht mí dhéag lena chur i gcrích agus a sholáthraíonn foras ceadaithe a thagann faoi théarmaí alt 7(1) (*b*) den Acht agus atá liostaithe i gCuid B de Sceideal 1;

(*c*) cúrsa fochéime lánaimseartha—

(i) a ghlacann tréimhse nach giorra ná 2 bhliain lena gcur i gcrích;

(ii) a sholáthraíonn foras ceadaithe i mBallstát seachas an Stát a thagann faoi théarmaí alt 7(1)(*e*) den Acht; agus

(iii) as a mbainfear mórcháilíocht ardoideachais agus oiliúna amach agus a aithnítear—

(I) ar mhodh, a fhorálann dlíthe an Bhallstáit dó, a chomhfhreagraíonn le socruithe, nósanna imeachta agus córais an chreata cáilíochtaí, nó

(II) ar chuma eile de réir dhlíthe an Bhallstáit.

(*d*) na cúrsaí iarchéime lánaimseartha seo a leanas sa Stát, lena ndámhtar mórdhámhachtain ardoideachais agus oiliúna do mhac léinn, má éiríonn leis nó léi é a chur i gcrích go rathúil, agus ar cáilíocht aitheanta í de bhun an chreata cáilíochtaí—

(i) cúrsa a ghlacann tréimhse nach giorra ná bliain amháin lena chur i gcrích agus a sholáthraíonn foras ceadaithe a thagann faoi théarmaí alt *7(1)* (*a*), (*b*) nó (*c*) den Acht agus atá liostaithe i gCuid A, B nó C de Sceideal 1;

(ii) cúrsa a ghlacann tréimhse nach giorra ná bliain amháin lena chur i gcrích agus a sholáthraíonn foras ceadaithe atá liostaithe i gCuid A de Sceideal 2;

(iii) cúrsa a ghlacann tréimhse nach giorra ná bliain amháin lena chur i gcrích agus atá liostaithe i gCuid B de Sceideal 2, mar aon leis an bhforas ceadaithe a sholáthraíonn é;

(*e*) cúrsa iarchéime lánaimseartha—

(i) a ghlacann tréimhse nach giorra ná bliain amháin lena gcur i gcrích;

(ii) a sholáthraíonn foras ceadaithe a thagann faoi théarmaí alt 7(1) (*e*) den Acht agus atá suite i dTuaisceart Éireann;

(iii) atá liostaithe i Sceideal 3; agus

(iv) as a mbainfear mórcháilíocht ardoideachais agus oiliúna amach agus a aithnítear—

(I) ar mhodh, a fhorálann dlíthe Thuaisceart Éireann dó, a chomhfhreagraíonn le socruithe, nósanna imeachta agus córais an chreata cáilíochtaí, nó

(II) ar chuma eile de réir dhlíthe Thuaisceart Éireann; agus

(*f*) glacfar gur cúrsa é, cúrsa a faomhadh faoin mír seo ar cúrsa é a faomhadh faoi scéim roimhe seo don bhliain acadúil 2010/11, lena ndámhtar cáilíocht aitheanta do mhac léinn, má éiríonn leis nó léi é a chur i gcrích go rathúil laistigh de bhrí mhír 4(*a*) (iv), (*b*) agus (*d*).

*Mic Léinn fhorordaithe*

5. 1. (1) Tá na baill teaghlaigh seo a leanas forordaithe mar "mhic léinn" chun críocha alt 14(1) (*d*) den Acht—

(*a*) duine ar ball teaghlaigh é/í le duine dá dtagraítear in alt 14(1) (*a*) den Acht agus ag a bhfuil cead fanacht sa Stát mar bhall teaghlaigh duine dá leithéid faoi fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine) 2006 agus 2008 agus faoi Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004; agus

(*b*) duine ag a bhfuil cead fanacht sa Stát–

(i) trí bhua pósta le, nó i bpáirtnéireacht shibhialta le, náisiúnach Éireannach a chónaíonn sa Stát, nó

(ii) mar leanbh cleithiúnach duine a thagann laistigh de chlásal (i);

2.Tá na haicmí seo a leanas forordaithe mar "mhic léinn" chun críocha alt 14(1) (*e*) (ii) den Acht—

(*a*) duine dá tugadh saoire dhaonnúil le fanacht sa Stát sular tháinig an tAcht Inimirce, 1999 (Uimh. 22 de 1999) i ngníomh; agus

(*b*) duine ar thug an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí cead dó/di fanacht i ndiaidh cinnidh gan ordú díbeartha a dhéanamh faoi alt 3 den Acht Inimirce, 1999 (Uimh. 22 de 1999).

Sceideal 1

*Rialacháin 3 agus 4.*

FORAIS CHEADAITHE

**CUID A**

Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Corcaigh
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Ollscoil Luimnigh

**CUID B**

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir
Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta
Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

**CUID C**

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

**CUID D**

**Ainm na Scoile Iar-Ardteistiméireachta**
Coláiste Eoin, Baile Haicéid, Co. Cheatharlach
Pobalscoil an Tulaigh, Co. Cheatharlach
Gairmscoil na Muine Bige, Co. Cheatharlach
Gairmscoil Cheatharlach, Co. Cheatharlach

Coláiste Staidéir Bhreise an Chabháin, an Phríomhshráid, An Cabhán

Pobalscoil Chill Rois, Co. an Chláir
Coláiste Pobail na hInse, Rae an Chairdis, Inis, Co. an Chláir
Meánscoil Mhuire gan Smál, Lios Dúin Bhearna, Co. an Chláir
Coláiste Pobail San Eoin Bosco, Cathair Chonnaidh, Cill an Dísirt, Co. an Chláir
Meánscoil San Seosamh, Rinn na Spáinneach, Co. an Chláir
Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, an tSionainn, Co. an Chláir
Gairmscoil Inis Díomáin, Co. an Chláir

Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí
Coláiste Pobail Bheanntraí, Beanntraí, Co. Chorcaí
Coláiste Stiofáin Naofa, Bóthar na Trá Móire, Corcaigh
Coláiste Pobail, Currach an Each Bhuí, Co. Chorcaí
Coláiste Pobail, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí
Coláiste Tráchtála Chorcaí, Oileán Mhic Mhuiris, Corcaigh
Coláiste Davis, Annabella, Mala, Co. Chorcaí
Ionad Breisoideachais, Sráid Dhroichead na Bandan, Cionn tSáile, Co. Chorcaí
Pobalscoil Chionn tSáile, Cionn tSáile, Co. Chorcaí
Coláiste Mannix, An Ráth, Co. Chorcaí
Coláiste Pobail Mhuire gan Smál, Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí
Coláiste Mac Aogáin, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí
Coláiste Pobail Nagle, Machain, An Dúcharraig, Corcaigh
Coláiste Rossa, an Sciobairín, Co. Chorcaí
Coláiste Pobail na Scoile, An Scoil, Co. Chorcaí
Lár Choláiste Eoin, Lána an Mhuilinn, Corcaigh
Pobalcholáiste Cholmáin Naofa, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí
Coláiste Fionnchua, Baile Mhistéala, Co. Chorcaí
Coláiste Bhrógáin Naofa, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí
Pobalscoil Thraolach Mac Suibhne, Cnoc na hAoine, Corcaigh

Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall
Coláiste an Earagail, Windyhall, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Coláiste Magh Ene, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall
Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall
Gairmscoil, (Coláiste Ghleann na Finne) Srath an Urláir, Co. Dhún na nGall

Coláiste Breisoideachais Dhroichead na Dothra, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4
Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid, Sráid Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath 10
Coláiste Dhúlaigh, Bóthar Chluain Seach, an Chúlóg, Baile Átha Cliath 17
Coláiste Éanna, an Chabrach, Baile Átha Cliath 7
Coláiste Íde, Coláiste Breisoideachais, Bóthar Dhroichead Chairdif, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11
Coláiste Breisoideachais, an tSráid Mhór, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14
Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
Pobalscoil Chábán tSíle, Baile Átha Cliath 18
Pobalscoil, The Donaghies, Bóthar Chúirt Bhaile an tSrutháin, Baile Átha Cliath 13
Coláiste Breisoideachais Chromghlinne, Bóthar Chromghlinne, Baile Átha Cliath 12
Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh, Bóthar Nangair Nua, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
Coláiste Breisoideachais Dhún Laoghaire, Sráid Cumberland, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Pobail na Gráinsí, Bóthar na Gráinsí, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13
Coláiste na nGlaschnoc, Ascaill na Tiníleach, Na Glaschnoic, Baile Átha Cliath 12
Coláiste Breisoideachais Inse Chór, Sráid Emmet, Baile Átha Cliath 8
Coláiste Chill Easra, Ascaill Uí Choileáin Thoir, Baile Átha Cliath 5
Coláiste na Coille Móire, Sráid na Coille Móire, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10
Coláiste na Saoirsí, Sráid Scabhat na dTarbh, Na Saoirsí, Baile Átha Cliath 8
Coláiste Marino, 14 - 20 Marglann Marino, Fionnradharc, Baile Átha Cliath 3
Coláiste Pobail Bhóthar Mhóin Seiscinn, Ráth Miontáin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
Coláiste an Phiarsaigh, Bóthar an Chlochair, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12
Coláiste Phluincéid, Bóthar Shoird, An Halla Bán, Baile Átha Cliath 9

Coláiste Breisoideachais Ráth Maonais, Halla an Bhaile, Baile Átha Cliath 6
Institiúid Theicniúil na Rinne, Bóthar Cambridge, An Rinn, Baile Átha Cliath 4
Coláiste Breisoideachais an Naigín, Sráid an Phiarsaigh, Dún Laoghaire, Co.
Bhaile Átha Cliath
Coláiste Sinsearach, Ascaill Eblana, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Bóthar Chnoc an Fhuaráin, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
Pobalscoil Naomh Aodán, Achadh an tSrutháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
Coláiste Naomh Caoimhín, Bóthar an Chlochair, Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12
Pobalscoil Naomh Marcas, Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 20
Scoil Mhuire do Chailíní atá Bodhar, Clochar Doiminiceach, an Chabhrach, Baile Átha Cliath 7
Pobalscoil Naomh Tiernan, Parkvale, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 16
Coláiste Breisoideachais Stigh Lorgan, Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath, Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath
Coláiste Breisoideachais an Halla Bháin, Bóthar Shoird, Baile Átha Cliath 9

Coláiste Ardeaspag Mac Héil, Tuaim, Co. na Gaillimhe
Pobalscoil an Chlocháin, An Clochán, Co. na Gaillimhe
Coláiste an Chreagáin, An Creagán, Co. na Gaillimhe
Coláiste Mhuire, Béal Átha Ghártha, Co. na Gaillimhe
Coláiste Pobail na Gaillimhe, Móinín na gCiseach, Gaillimh
Pobalscoil an Dúin Mhóir, Dún Mór, Co. na Gaillimhe
Institiúid Teicniúil na Gaillimhe, Bóthar an Athar Uí Ghríofa, An Cladach, Gaillimh
Pobalscoil an Ghleanna, Gleann na Madadh, Co. na Gaillimhe
Meánscoil Mhuire, Baile Nua Mhic Gabhann, Gaillimh
Scoil Phobail Mhic Dara, Carna, Co. na Gaillimhe
Meánscoil Naomh Cuan, Gallach, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe
Gairmscoil Naomh Bríd, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe
Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe
Gairmscoil Mhuire, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe

Scoil Chuimsitheach an Tóchair, An Tóchar, Co. Chiarraí
Coláiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí
Coláiste Pobail Chill Orglan, Cill Orglan, Co. Chiarraí
Coláiste Pobail Lios Tuathail, Lios Tuathail, Co. Chiarraí
Coláiste Pobail Chill Airne, Cill Airne, Co. Chiarraí
Meánscoil San Seosamh, Baile an Bhuinneánaigh, Co. Chiarraí
Coláiste Pobail Thrá Lí, An Chlais, Trá Lí, Co. Chiarraí

Coláiste Chonfaí, Riverforest, Léim an Bhradáin, An Nás, Co. Chill Dara
Scoil Iarbhunoideachais an Churraigh, Campa an Churraigh, Co. Chill Dara
Coláiste Chnoc an Phíobaire, Cill Uasaille, An Nás, Co. Chill Dara
Scoil Iarbhunoideachais Naomh Bríd, Bóthar Cheatharlach, Baile Átha Í, Co. Chill Dara
Coláiste Pobail Naomh Conlaeth, Bóthar an Stáisiúin, An Droichead Nua, Co.
Scoil Iarbhunoideachais Naomh Fearnáin, An Chorrchoill, Co. Chill Dara

Coláiste Cois Súire, Móin Choinn, Co. Chill Chainnigh
Coláiste Mhuire, Baile Sheáin, trí Dhurlas, Co. Chill Chainnigh
Pobalscoil Chaisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh
Coláiste Dubhuisce, Gráig na Manach, Co. Chill Chainnigh
Coláiste Grennan, Sráid Thobar Mhuire, Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh

Gairmscoil Chathair Chill Chainnigh, an tSráid Nua, Cill Chainnigh
Scoil Aireagail, Baile Héil, Co. Chill Chainnigh

Ionad Breisoideachais, Bóthar Mhaighean Rátha, Mainistir Laoise, Co. Laoise
Ionad Breisoideachais Mhóinteach Mílic, Sráid an Chuain, Móinteach Mílic, Co. Laoise
Gairmscoil Phort Laoise & Coláiste Sinsearach, Port Laoise, Co Laoise

Gairmscoil Charraig Álainn, Carraig Álainn, Co. Liatroma
Gairmscoil Dhroim Seanbhó, Co. Liatroma
Coláiste Loch Aillionn, Droim Caorthainn, Co Liatroma

Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh
Coláiste Iosaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail Dhrom Collachair, An Ráth, Co. Luimnigh
Coláiste Dheasmhumhan, Gairmscoil, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
Coláiste Breisoideachais Luimnigh, Sráid Mulgrave, Luimneach
Meánscoil na Toirbhirte, Clochar na Trócaire, Sráid Uí Sheasnáin, Luimneach
Coláiste Pobail Naomh Míchíl, An Cheapach Mhór, Co. Luimnigh
Ardscoil Phádraig, Bóthar an Longfoirt, Gránard, Co. an Longfoirt
Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag, Co. an Longfoirt
Coláiste Theampall Mhichíl, Teampall Mhichíl, An Longfort

Institiúid Bhreisoideachais Dhroichead Átha, Na Fichidí, Droichead Átha, Co. Lú
Coláiste Uí Fhiaich, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Dún Dealgan, Co. Lú

Pobalscoil Bhéal Átha hAmhnais, Bóthar Chnoc Mhuire, Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo
Coláiste na Ceathrún Bige, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo
Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh, An Baile Nua, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo
Coláiste Chomáin, Ros Dumach, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Coláiste Pobail Acla, Gob an Choire, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo
Coláiste na Muaidhne, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Meánscoil Mhuire, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo
Scoil an Chroí Ró Naofa, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo
Coláiste Sancta Maria, Cluain Cearbán, Co. Mhaigh Eo
Scoil Muire agus Pádraig, Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo
Pobalscoil Naomh Louis, Coillte Mach, Co. Mhaigh Eo
Coláiste Bhreandáin Naofa, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo
Coláiste Naomh Tiarnán, Crois Mhaoilíona, Co. Mhaigh Eo
An Ghairmscoil, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo

Coláiste Beaufort, Bóthar na hUaimhe, An Uaimh, Co. na Mí
Pobalscoil na Bóinne, Baile Átha Troim, Co. na Mí
Scoil Iarbhunoideachais Naomh Oilibhéar, An Seanchaisleán, Co. na Mí
Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne, Co. na Mí

Institiúid Breisoideachais agus Oiliúna Mhuineacháin, Bóthar Ard Mhacha, Co. Mhuineacháin

Coláiste Pobail Bheannchair, Coláiste na Sionna, Beannchar, Co. Uíbh Fhailí
Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic, Co. Uíbh Fhailí
Coláiste Pobail Oaklands, Ascaill Sr. Senan, Éadan Doire, Co Uíbh Fhailí
Coláiste Thulach Mhór, Riverside, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí

Coláiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin
Pobalscoil an Chaisleáin Riabhaigh, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin
Gairmscoil Lios na Molta, Ros Comáin

Coláiste Bhéal Átha an Fhóid, Béal Átha an Fhóid, Sligeach
Coláiste Chorainn, Baile an Mhóta, Co. Shligigh
Meánscoil Mhuire & Íosa, Inis Crabhann, Co. Shligigh
Coláiste na Trócaire, Cnoc an tSéipéil, Sligeach
Coláiste Chonnacht Thuaidh, Tobar an Choire, Co. Shligigh

An Lár-Institiúid Teicniúil, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann
Coláiste Dún Iascaigh, Bóthar Chaisil, An Chathair, Co. Thiobraid Árann
Coláiste Phobal Ros Cré, Bóthar an Chorrbhaile, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann
Gairmscoil Mhuire, Plásóga an Chaisleáin, Durlas, Co. Thiobraid Árann
Scoil Ruáin, Cill Náile, Co. Thiobraid Árann
Scoil Naomh Ailbhe, Baile Thiobraid Árann
Coláiste Naomh Seosamh, Buiríos Uí Luigheach, Durlas, Co. Thiobraid Árann
Coláiste Naomh Seosamh, An Port Nua, Co. Thiobraid Árann
Coláiste Naomh Sheelan, An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann
Gairmscoil an Aonaigh, An tAonach, Co. Thiobraid Árann

Coláiste Chathail Naofa, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
Scoil na Bráithre, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
Coláiste Pobail Naomh Pól, Bóthar Phádraig De Brún, Cathair Phort Láirge
Coláiste Breisoideachais Phort Láirge, Sráid Parnell, Port Láirge

Coláiste Pobail Bhaile na gCros, Co. na hIarmhí
Coláiste Cholmáin, Cill Liúcainne, Co. na hIarmhí
Coláiste Pobail, Bóthar an Díthribh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Coláiste Gnó Mhóta, Móta, Co. na hIarmhí
Coláiste Pobail an Mhuilinn gCearr, Bóthar Chnocán an Mhuilinn, Co. na hIarmhí
Coláiste Naomh Seosamh, Cnoc an Línsigh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

Coláiste Gairmoideachais Bhun Clóidí, Sráid na nGael, Co. Loch Garman
Coláiste Abbain, Maigh Arnaí, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman
Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co. Loch Garman
Coláiste Gairmoideachais Inis Córthaidh, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman
Pobalscoil Ghuaire, Guaire, Co. Loch Garman
Pobalscoil na Gráinsí, An Ghráinseach, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman
Coláiste Gairmoideachais Bhaile an Droichid, Baile an Droichid, Co. Loch Garman
Coláiste Gairmoideachais Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman
Gairmscoil Loch Garman, An Geata Thiar, Loch Garman

Coláiste Pobail an Inbhir Mhóir, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin
Institiúid Bhreisoideachais Bhré, Ascaill Novara, Bré, Co. Chill Mhantáin
Coláiste Bhríde, Carn an Bhua, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin
Scoil Chonglais, Bealach Conglais, Co. Chill Mhantáin
Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Dún Luáin, Co. Chill Mhantáin

Sceideal 2

*Rialacháin 3 agus 4.*

FORAIS CHEADAITHE AGUS CÚRSAÍ CEADAITHE

**CUID A**

Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Baile Átha Cliath
Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath
Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Baile Átha Cliath
Coláiste Mhuire, Marino, Baile Átha Cliath
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach
Coláiste Oideachais Naomh Angela, Loch Gile, Sligeach
Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath
Coláiste Oideachais Froebel, Cnoc Shióin, Baile Átha Cliath

**CUID B**

**Ollscoil Phontaifiúil Mhaigh Nuad**
Maidir leis na cúrsaí fochéime a leanas:
- Onóracha Céim Onóracha Bhaitsiléara i nDiagacht [3 bliana]
- Onóracha Céim Onóracha Bhaitsiléara i nDiagacht agus sna hEalaíona [3 bliana]
- Onóracha Céim Onóracha Bhaitsiléara i nDiagacht agus sna hEalaíona Idirnáisiúnta [4 bliana]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime a leanas:
- Dioplóma Iarchéime i gCumarsáid is Forbairt na Críostaíochta [1 bhliain]
- Céim MA i nDiagacht [2 bhliain]
- Céim Dhochtúireachta PhD i nDiagacht [3 bliana]

**Coláiste Bhainistíocht Óstán na Sionainne (Shannon College of Hotel Management)**
Maidir leis na cúrsaí fochéime a leanas:
- BComm (Onóracha) comhcheangailte le Dioplóma Ollscoil na hÉireann i mBainistíocht Idirnáisiúnta Óstán [4 bliana]
- B.B.S. (Onóracha) i mBainistíocht Idirnáisiúnta Óstán [4 bliana]

**Coláiste Phádraig, Durlas**
Maidir leis na cúrsaí fochéime a leanas:
- BA (Onóracha) in Oideachas, Staidéar Gnó & Clár Staidéir Reiligiúnaigh [4 bliana]
- BA (Onóracha) in Oideachas, Gaeilge agus Staidéar Reiligiúnach [4 bliana]

**Institiúid Oideachais Mater Dei**
- Maidir leis na cúrsaí fochéime a leanas:
- Baitsiléir in Oideachas Reiligiúnach [4 bliana]
- BA i Léann Éireannach agus Léann Reiligiúnach [3 bliana]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime a leanas:
- Dioplóma Iarchéime i Léann Diagachta [1 bhliain]
- MA sa Staidéar Séiplíneachta agus Cúram Tréadach [1 bhliain]
- MA sa tSéiplíneacht Cúram Sláinte [2 bhliain]

- MA i nDiagacht [1 bhliain]
- MA sa Staidéar Filíochta [1 bhliain]
- MA i Reiligiún & Oideachas [1 bhliain]
- MA san Oideachas Reiligiúnach (Bunoideachas) [1 bhliain]
- MA Oideachas (Taighde) [2 bhliain]
- MA Béarla (Taighde) [2 bhliain]
- MA Stair (Taighde) [2 bhliain]
- MA Léann Éireannach (Taighde) [2 bhliain]
- MA Ceol (Taighde) [2 bhliain]
- MA Oideachas Reiligiúnach (Taighde) [2 bhliain]
- MA Fealsúnacht (Taighde) [2 bhliain]
- MA Diagacht (Taighde) [2 bhliain]
- PhD Oideachas (Taighde) [3 bliana]
- PhD Béarla (Taighde) [3 bliana]
- PhD Stair (Taighde) [3 bliana]
- PhD Léann Éireannach (Taighde) [3 bliana]
- PhD Ceol (Taighde) [3 bliana]
- PhD Oideachas Reiligiúnach (Taighde) [3 bliana]
- PhD Fealsúnacht (Taighde) [3 bliana]
- PhD Diagacht (Taighde) [3 bliana]

**Coláiste na Naomh Uile, Droim Conrach**
Maidir leis na cúrsaí fochéime a leanas:
- BA (Onóracha) i nDiagacht & Fealsúnacht [4 bliana]
- BA (Onóracha) i nDiagacht & Síceolaíocht [4 bliana]
- BA (Onóracha) i nDiagacht & Litríocht an Bhéarla [4 bliana]
- BA (Onóracha) i bhForbairt Phearsanta agus Ghairmiúil [3 bliana]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime a leanas:
- MA i gCeannaireacht agus Cúram Tréadach [1 bhliain]
- MA i gCleachtas Maoirseachta [1 bhliain]
- Máistir Ealaíon sna Daonnachtaí (Taighde) [2 bhliain]
- MA i mBainistíocht: Seirbhísí Pobail agus Deonacha [1 bhliain]
- MA i Spioradáltacht na Críostaíochta [1 bhliain]
- MA i Spioradáltacht Fheidhmeach na Críostaíochta [1 bhliain]
- PhD sna Daonnachtaí trí Thaighde [3 bliana]

**Coláiste Cheatharlach (Coláiste Phádraig)**
Maidir leis na cúrsaí fochéime a leanas:
- BA (Gnáthleibhéal) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta [3 bliana]
- BA (Gnáthleibhéal) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta [1 bhliain bhreise]
- BA (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta [1 bhliain bhreise]
- BA (Gnáthleibhéal) sna Daonnachtaí {Fealsúnacht, Diagacht agus na hEalaíona} [3 bliana]
- BA (Onóracha) sna Daonnachtaí {Fealsúnacht, Diagacht agus na hEalaíona} [4 bliana]
- BA (Onóracha) i Staidéar Saoránachta agus Pobail [4 bliana]
- BA (Onóracha) i mBéarla agus Stair [4 bliana]
- BA (Onóracha) i nDiagacht [3 bliana]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime a leanas:
- MA Béarla trí Thaighde [2 bhliain]
- MA Fealsúnacht thrí Thaighde [2 bhliain]
- MA Stair trí Thaighde [2 bhliain]
- MA Reiligiún/Diagacht trí Thaighde [2 bhliain]

**Institiúid Diagachta agus Fealsúnachta Bhaile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath**
Maidir leis na cúrsaí iarchéime a leanas:
- MA trí Thaighde [2 bhliain]
- MA i Staidéar Bíobalta [2 bhliain]
- PhD trí Thaighde [4 bliana]
- Dochtúireacht Mhinistreachta [4 bliana]

**Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn**
Maidir leis na cúrsaí fochéime a leanas:
- Céim Ollscoil na hÉireann MB (Onóracha), BCH, BAO, LRCP, SI [5 bliana]
- Céim Ollscoil na hÉireann MB (Onóracha), BCH, BAO, LRCP, SI [6 bliana]
- Céim Ollscoil na hÉireann BSc (Onóracha) i gCógaisíocht [4 bliana]
- BSc i bhFisiteiripe (Dámhachtain Ollscoil na hÉireann) [4 bliana]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime a leanas:
- PhD Iarchéime Ollscoil na hÉireann [3 bliana]
- MD Iarchéime Ollscoil na hÉireann [2 bhliain]
- MSc Iarchéime Ollscoil na hÉireann [1 bhliain]

**Ionad Léinn Forbartha Chamaí**
Maidir leis na cúrsaí fochéime a leanas:
- BA sa Léann Forbartha [2 bhliain]

Maidir leis na cúrsaí iarchéime a leanas:
- Dioplóma Iarchéime sa Léann Forbartha [1 bhliain]
- MA sa Léann Forbartha [1 bhliain]

**Coláiste Montessori (A.M.I.) Baile an Mhuilinn**
Maidir leis na cúrsaí fochéime a leanas:
- Dioplóma Teagaisc Montessori
  - Cuid 1: An Luathóige (leanaí 3 go 6 bliana d'aois) [Bliain 1 agus 2]
  - Cuid 2: Bunoideachas (leanaí 6 go 12 bhliain d'aois) [Bliain 3]

**Coláiste Montessori San Nioclás**
Maidir leis na cúrsaí fochéime a leanas:
- BA in Oideachas Montessori [3 bliana]
- BA (Onóracha) in Oideachas Montessori [1 bhliain]

Maidir leis an gcúrsa iarchéime a leanas:
- Ard-Dioplóma Ealaíon in Oideachas Montessori don Luathóige [1 bhliain]

**Cumann Onórach Óstaí an Rí**
Maidir leis an gcúrsa iarchéime a leanas:
- Céim Abhcóide [1 bhliain]

**Dlí-Chumann na hÉireann, Plás Blackhall**
Maidir leis an gcúrsa iarchéime a leanas:
- Cúrsa Cleachtas Ghairmiúil
  - Cuid I
  - Cuid II

Sceideal 3 *Rialachán 4.*

CÚRSAÍ IARCHÉIME CEADAITHE I DTUAISCEART ÉIREANN

**Ollscoil na Banríona, Béal Feirste**
Cúrsa iarchéime lánaimseartha a mhaireann tréimhse nach giorra ná bliain amháin

**Ollscoil Uladh**
Cúrsa iarchéime lánaimseartha a mhaireann tréimhse nach giorra ná bliain amháin

**Coláiste Oideachais Naomh Mhuire, Béal Feirste**
Teastas Iarchéime san Oideachas (Meán na Gaeilge)

**Coláiste an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste**
Teastas Iarchéime san Oideachas

Toilíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le ceapadh na Rialachán roimhe seo.

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi Shéala Oifigiúil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,
5 Meitheamh 2012.

BRENDAN HOWLIN,
An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,
5 Meitheamh 2012.

RUAIRÍ QUINN,
An tAire Oideachais agus Scileanna.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

*(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná níor cheart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)*

Rinneadh na Rialacháin seo de bhun na gcumhachtaí a tugadh don Aire Oideachais agus Scileanna faoin Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011. Forordaíonn siad “forais cheadaithe”, “cúrsaí ceadaithe” agus “aicmí daoine” chun críocha an Achta sin.

Féadfar na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2012 a ghairm de na Rialacháin seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS,
CONTAE MHAIGH EO,
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Facs: 094 - 9378964 nó 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO,
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 or 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€4.06

ISBN 978-1-4064-9701-4

9 781406 497014

Wt. (B29213). 285. 6/12. Clondalkin Pharma & Healthcare (Glasnevin) Ltd. Gr 30-15.